**Téarma 1**
Meán Fómhair – Samhain 2025
(10 seachtaine)

# Cúrsa Cruinnis ar Líne ó Ghaelteanga

(Leibhéal C2)



GAELTEANGA

## Cabhróidh an cúrsa seo leat Gaeilge níos cruinne agus níos nádúrtha a scríobh!

www.gaelteanga.com

# Sceideal an chúrsa (Téarma 1)

Lá: Dé Céadaoin
Am: 7.00–9.00pm
Fad: 10 seachtaine
Dáta tosaithe: 24 Meán Fómhair 2025
Dáta críochnaithe: 26 Samhain 2025

Cuirtear Cúrsa Cruinnis Ghaelteanga ar fáil trí huaire éagsúla sa bhliain:

- Téarma 1, Meán Fómhair–Nollaig
- Téarma 2, Eanáir–Aibreán
- Téarma 3, Bealtaine–Iúil

## Cé air a bhfuil an cúrsa dírithe?

Tá Cúrsa Cruinnis Ghaelteanga dírithe ar dhaoine a bhfuil Gaeilge labhartha an-mhaith acu ach ar mian leo gramadach níos cruinne a bheith acu agus deis a fháil a gcuid scileanna scríofa a fhorbairt. Tá sé an-oiriúnach dóibh siúd atá ag obair trí Ghaeilge – iriseoirí, craoltóirí, státseirbhísigh agus múinteoirí, mar shampla – agus do mhic léinn atá ag déanamh staidéar ar an nGaeilge mar ábhar i gcoláiste tríú leibhéal.





# Ábhar agus gníomhaíochtaí

Ní mhúinfear ach gramadach atá úsáideach agus a chabhróidh leis na rannpháirtithe agus iad ag úsáid na teanga go laethúil. Múinfear rialacha agus ansin tabharfar deis do na rannpháirtithe iad a chur i bhfeidhm sa chaint agus sa scríobh. Tabharfar tús áite don Chaighdeán Oifigiúil seachas do chanúint faoi leith ar bith.

Bainfear úsáid as sleachta as irisí agus nuachtáin agus as míreanna ón raidió, agus beidh réimse leathan gníomhaíochtaí i gceist sna ranganna, iad seo ina measc:

- cleachtaí aistriúcháin
- cleachtaí agus cluichí gramadaí
- cleachtaí scríbhneoireachta
- téacsanna lochtacha le ceartú
- cora cainte úsáideacha atá le fáil sna canúintí éagsúla
- stór focal comhaimseartha
- cleachtadh ar úsáid éifeachtach a bhaint as na hacmhainní ar líne.

Díreofar ar fhadhb an bhéarlachais agus ar chuid de na drochnósanna atá le fáil sa teanga anois agus molfar leaganacha níos dúchasaí i gcás abairtí mínádúrtha, lochtacha.

Cuirfear béim láidir sa chúrsa freisin ar na hacmhainní ar líne atá ar fáil do lucht scríofa na Gaeilge agus múinfear do na rannpháirtithe an tslí leis an úsáid is éifeachtaí a bhaint astu. Cabhróidh sé seo leo Gaeilge i bhfad níos cruinne a scríobh.

# Gnéithe den ghramadach

Seo cuid de na gnéithe den ghramadach a ndíreofar orthu i dTéarma 1 an chúrsa:

- inscne ainmfhocal
- an tuiseal gairmeach
- na réamhfhocail shimplí
- na réamhfhocail shimplí + an t-alt
- ainmfhocail + aidiachtaí
- tuiseal ginideach an ainmfhocail agus na haidiachta
- foirm an ainmnigh in ionad an ghinidigh

# Cur chuige teagaisc

Bainfear úsáid as an gcur chuige cumarsáideach i rith an chúrsa. Beidh obair bheirte agus obair ghrúpa mar chuid lárnach de na ranganna, rud a thabharfaidh deis do na foghlaimeoirí cleachtadh a dhéanamh ar an méid a bheidh múinte dóibh.

# Cúrsa ar líne

Beidh fáil ag na rannpháirtithe ar chúrsa ar líne a mbeidh réimse cleachtaí le fáil ann a bheidh bunaithe ar obair na ranganna. Beidh na cleachtaí seo idirghníomhach: cuirfear in iúl don úsáideoir láithreach cad iad na freagraí a bheidh ceart agus mícheart aige/aici agus cuirfear na freagraí cearta ar fáil dó/di i gcás na gceisteanna a ndéanfaidh sé/sí botún iontu.

# Táille agus clárú

Cosnóidh an cúrsa 20 uair an chloig €200. Is féidir leat d'áit a chur in áirithe ar an gcúrsa ach cliceáil anseo.

# Eolas breise

Ríomhphost: gaelteanga@gmail.com
Guthán: +353 89 251 0296
WhatsApp: +353 89 251 0296



# Údar agus teagascóir an chúrsa

Is é Éamonn Ó Dónaill a scríobh an cúrsa seo agus a mhúinfidh é chomh maith.

Áirítear Éamonn ar dhuine de na saineolaithe is cumasaí i réimse theagasc agus fhoghlaim na Gaeilge. Tá sé ag múineadh Gaeilge do dhaoine fásta ó bhí 1981 ann agus baintear úsáid fhorleathan as a chuid leabhar d'fhoghlaimeoirí agus do mhúinteoirí, in Éirinn agus thar lear.

Is é a *ghraiméar Gramadach gan Stró!* an príomh-théacsleabhar a úsáidtear chun an Ghaeilge a mhúineadh i bhformhór na gcoláistí tríú leibhéal in Éirinn agus tá breis agus 30,000 cóip de díolta ó foilsíodh den chéad uair é in 2008.

Is as Gaeltacht Ghaoth Dobhair ó dhúchas d'Éamonn. Chaith sé sé bliana (1996-2002) ag obair mar Stiúrthóir ar Ionad na dTeangacha i Roinn na Nua-Ghaeilge, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus ina dhiaidh sin d'oibrigh sé mar chomhairleoir teanga.

Bhí Éamonn ina chomhordaitheoir teanga ar dhá shraith teilifíse a bhí dírithe ar fhoghlaimeoirí fásta: *Turas Teanga,* a craoladh ar RTÉ sa bhliain 2004, agus *Now You're Talking,* a taispeánadh ar BBC agus RTÉ in 1995. Scríobh sé na leabhair freisin a bhí ag gabháil leis an dá shraith sin.

I measc na leabhar eile d'fhoghlaimeoirí Gaeilge atá scríofa ag Éamonn, tá na cinn seo a leanas: *Gaeilge gan Stró! – Beginners Level, Gaeilge gan Stró! – Lower Intermediate Level* agus *Irish Grammar You Really Need to Know: Teach Yourself*





# Ceisteanna coitianta

## 1. Cén t-ardán a úsáidfear chun na ranganna a chur ar fáil?

Múinfear na ranganna ar fad ar Zoom.

## 2. Cén trealamh atá ag teastáil chun freastal ar an rang?

Beidh ríomhaire glúine nó ríomhaire deisce ag teastáil uait, nasc leathanbhanda réasúnta maith agus gléas cinn a bhfuil micreafón mar chuid de (gléas cinn USB, más féidir). Is féidir gléasanna cinn a cheannach ar líne ar Amazon agus ar shuíomhanna gréasáin eile.

## 3. An féidir liom mo ghuthán a úsáid chun rochtain a fháil ar na ranganna?

Ní féidir leat páirt iomlán a ghlacadh sna ranganna (e.g., in obair bheirte agus in obair ghrúpa) agus guthán nó ríomhaire táibléid in úsáid agat, mar sin is fearr ríomhaire glúine nó ríomhaire deisce a úsáid.

## 4. An gá dom téacsleabhar a cheannach don chúrsa?

Ní gá – cuirfidh Gaelteanga ábhar an chúrsa ar fad ar fáil gan aon chostas breise.

## 5. An mbeidh fáil agam ar ábhar is féidir liom a úsáid chun an méid a d'fhoghlaim mé sa rang a chleachtadh?

Beidh. Beidh fáil agat ar chúrsa ar líne inar féidir leat cleachtaí idirghníomhacha a dhéanamh chun treisiú a dhéanamh ar an méid a bheidh foghlamtha agat sa rang.

## 6. An gá dom staidéar a dhéanamh idir na ranganna?

Ní bheidh sé éigeantach staidéar a dhéanamh idir ranganna ach moltar go láidir d'fhoghlaimeoirí staidéar a dhéanamh ar an ábhar ar líne chun athbhreithniú a dhéanamh ar a bhfuil clúdaithe acu sa rang.

# Teastas i gCruinneas na Gaeilge (TCG) ó Ghaelteanga

1. Bíonn deis ag rannpháirtithe Chúrsa Cruinnis Ghaelteanga tabhairt faoi scrúdú ag deireadh gach ceann de thrí théarma an chúrsa agus Teastas i gCruinneas na Gaeilge (Téarma 1, 2 agus/nó 3) a bhaint amach. Má thugann siad faoi na trí scrúdú agus má éiríonn leo pas a fháil i ngach ceann acu, bronntar Teastas i gCruinneas na Gaeilge (Gach Téarma) orthu.
(Chun sampla de theastas a íoslódáil, cliceáil anseo.)

2. Reáchtáiltear an scrúdú seo ar Zoom agus beidh an chéad cheann eile ar siúl idir 7.00pm agus 9.30pm, Dé Céadaoin, an 10 Nollaig.

3. Beidh na ceisteanna sa scrúdú seo ar an 10 Nollaig bunaithe ar an obair a bheidh déanta i ranganna an Chúrsa Cruinnis le linn Théarma 1.

4. Cé nach bhfuil an TCG ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí, tá gach dóchas ag Gaelteanga go mbainfidh sé aitheantas amach mar cháilíocht luachmhar, dála Shéala Creidiúnaithe Fhoras na Gaeilge.

5. €20 an costas atá ar an scrúdú. Chun áit a chur in áirithe, cliceáil anseo.

6. Tá eolas breise ar fáil faoin TCG ach cliceáil anseo.

